# **Hurlamaboc** | Sample Answer

## LC OL 2019 (a)

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal Hurlamaboc. *(Answer the questions below relating to the excerpt from the novel Hurlamaboc.)*

(i) Scríobh síos dhá rud faoi Ruán, mac Lisín. *(Write two things about Ruán, Lisín's son.)*

Bhí Ruán ocht mbliana déag d'aois. Cheap Ruán go mbeadh an **cóisir** *(party)* 'crap'. Bhí deartháir amháin ag Ruán **chomh maith** *(also).*

(ii) Tabhair dhá phointe eolais faoi na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir. *(Give two points of information about the preparations Lisín has done for the party.)*

Fuair Lisín **reoiteoir eile** *(another freezer)* **ar cíos** *(on loan)* don chóisir. Bhí an reoiteoir lán le bia deas milis. Bhí péint nua **ar na ballaí** *(on the walls)* don chóisir freisin.

(iii) Scríobh síos dhá shlí a ndearna Pól a chuid airgid. *(Write down two ways Pól made his money.)*

Bhí Pól **ag ceannach stoc** *(buying stock)* ar an idirlíon. Bhí **tithe agus árasáin** *(houses and apartments)* aige **thar lear** *(abroad)* freisin. Bhí sé ina **léachtóir ollscoile** *(college lecturer).*

(iv) Luaigh dhá phointe eolais faoi na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige. *(Mention two points of information about the other women in Ascaill na Fuinseoige.)*

Bhí na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige **ardnósach agus saibhir** *(posh and rich).* Bhí gruaig fhionn ar beagnach gach bean ar Ascaill na Fuinseoige. Bhí **cuma ghalánta** *(looked glamorous)* **i gcónaí** *(always)* ar na mná.

(v) 'Bhí Lisín gnóthach, ina ball de mhórán eagraíochtaí agus clubanna.' Scríobh síos dhá phointe eolais faoin gcuid sin de shaol Lisín. *('Lisín was busy, a member of many organisations and clubs'. Write down two points of information about that part of Lisín's life.)*

**Bhí baint ag Lisín le** *(Lisín was associated with)* club leabhar. Chuaigh sí go **cainteanna** *(talks)* faoi **ghairdíní deasa** *(nice gardens)* freisin. **D'fhreastail sí ar** *(she attended)* ranganna.